Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 22 Márta 2024**
**(OR. en)**

**8139/24**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0011(NLE)**

**SOC 230**
**EMPL 132**
**ANTIDISCRIM 47**
**GENDER 49**
**SAN 193**
**FREMP 163**
**ILO 10**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Coiste na mBuanionadaithe |
| chuig: | An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 8139/24 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle lena n-iarrtar ar na Ballstáit Coinbhinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Foréigean agus Ciapadh, 2019 (Uimh. 190) a dhaingniú chun leas an Aontais Eorpaigh<br>- Glacadh |

## I. RÉAMHRÁ

1. An 22 Eanáir 2020, chuir an Coimisiún Eorpach faoi bhráid na Comhairle togra le haghaidh 'Cinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear do na Ballstáit Coinbhinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Foréigean agus Ciapadh, 2019 (Uimh. 190) a dhaingniú chun leas an Aontais Eorpaigh'[1].

[1] 5442/20

2. An 21 Meitheamh 2019, ag an 108ú (Comóradh Céad Bliain) seisiún a bhí aige, ghlac an Chomhdháil Idirnáisiúnta Saothair Coinbhinsiún 190 maidir le foréigean agus ciapadh a dhíothú i saol na hoibre[2] ('Coinbhinsiún 190 EIS), a raibh Moladh 206 ag gabháil leis[3]. Is é an chéad ionstraim idirnáisiúnta ina leagtar amach na caighdeáin is infheidhme ar fud an domhain maidir le dul i ngleic le foréigean agus ciapadh oibre.

## II. AN OBAIR SA CHOMHAIRLE

3. Scrúdaíodh an togra sa Mheitheal um Cheisteanna Sóisialta cúig huaire faoi Uachtaránacht na Cróite, na Gearmáine agus na Sualainne[4].

4. Rinne Seirbhís Dlí na Comhairle anailís ar inniúlachtaí an Aontais i ndáil le Coinbhinsiún 190 EIS d'fhonn bealaí chun cinn a shainaithint a bheadh féideartha ó thaobh an dlí de maidir lena dhaingniú.

5. Phléigh Coiste na mBuanionadaithe ('Coreper I') an t-ábhar sé huaire[5], agus faoi Uachtaránacht na Sualainne, bhí seisiún tuairimíochta ag an gComhairle (EPSCO) freisin maidir leis an gcomhad seo[6].

6. An 18 Meán Fómhair 2023, tháinig an Chomhairle (AGRIFISH) ar chur chuige ginearálta[7] faoi Uachtaránacht na Spáinne. Ag eascairt as an gcur chuige ginearálta, rinneadh athbhreithniú teangeolaíoch ar an téacs mar a leagtar amach in 13106/23.

---

[2] Coinbhinsiún C190 – Coinbhinsiún maidir le Foréigean agus Ciapadh, 2019 (Uimh. 190) (ilo.org)

[3] Moladh R206 – Moladh maidir le Foréigean agus Ciapadh, 2019 (Uimh. 206) (ilo.org)

[4] Cruinnithe den Mheitheal um Cheisteanna Sóisialta an 4/2/20, an 18/2/20, an 20/3/20, an 1/2/22 agus an 31/1/23

[5] Cruinnithe Coreper I an 11/3/20 (6771/20), an 9/12/20 (13993/20), an 18/12/20 (13995/20), an 8/3/23 (6684/23), an 19/4/23 (8079/1/23 REV 1) agus an 19/7/23 (11811/23)

[6] an 13/3/23 (6685/23)

[7] 12080/23 + ADD1 + ADD2

7. An 23 Deireadh Fómhair 2023, tháinig an Chomhairle (AGRIFISH) ar chomhaontú i bprionsabal maidir leis an dréachtchinneadh ón gComhairle mar a leagtar amach in 13106/23 é agus chinn sí toiliú a lorg ó Pharlaimint na hEorpa[8].

8. An 12 Márta 2024, thug Parlaimint na hEorpa a toiliú maidir leis an dréachtchinneadh sin ón gComhairle.

9. An 20 Márta 2024, mhol Coiste na mBuanionadaithe don Chomhairle an dréachtchinneadh ón gComhairle a ghlacadh mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo[9].

## III. CONCLÚID

10. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar an gComhairle, mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo, an dréachtchinneadh ón gComhairle a ghlacadh lena n-iarrtar ar na Ballstáit Coinbhinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Foréigean agus Ciapadh, 2019 (Uimh. 190), mar a leagtar amach in 13106/23 é, a dhaingniú, chun leas an Aontais Eorpaigh.

---

[8] 13190/23

[9] Staon CZ agus EE ón vótáil agus vótáil BG, DK, FI, HU, SE agus SK ina choinne.